RÚN (AE) 2022/1720 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Gníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC (Oifig BEREC) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0123/2022),

A. de bhrí, de réir a ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 7 233 653 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht Tacaíochta BEREC ("Oifig BEREC") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 27,96 % i gcomparáid le 2019, arb ionann é go príomha agus méadú ar an gcaiteachas foirne agus oibríochtúil; de bhrí gur 0,7 % a bhí sa ráta boilscithe san Aontas in 2020; de bhrí go n-eascraíonn buiséad Oifig BEREC ó bhuiséad an Aontais agus ranníocaíochtaí tríú tíortha;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla Oifig BEREC don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhuithe réasúnacha faighte ag an gCúirt, go bhfuil cuntais Oifig BEREC iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, gurbh é an toradh a bhí ar iarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid 99,07 %, arb ionann é agus laghdú 0,86 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gurbh é 61,14 % an ráta forghníomhaithe i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann é agus laghdú 20,85 % i gcomparáid le 2019;

Feidhmíocht

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go n-úsáideann Oifig BEREC bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta chun an breisluach arna chur ar fáil lena gníomhaíochtaí agus bearta eile chun a bainistiú buiséid a fheabhsú, amhail freagairt thráthúil Oifig BEREC ar iarrataí úsáideora, an líon beartas cosanta sonraí atá i bhfeidhm i gcomparáid leis an líon oibríochtaí próiseála arna sainaithint, agus íoslaghdú uaireanta iamh-aga leanúnaigh a córas;

3. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil roinnt sineirgí le gníomhaireachtaí eile i gcomhréimsí aimsithe ag Oifig BEREC, agus go gcomhoibríonn sí faoi láthair maidir le suíomh nua corparáideach a fhorbairt le hOifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh maidir le húsáid bonneagair TF agus ardán ar líne leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; ag tabhairt dá haire freisin go n-úsáideann Oifig BEREC a mhéid is féidir seirbhísí arna dtairiscint ag an gCoimisiún agus institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, a bhfuil baint acu le córais rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar Oifig BEREC tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis na forbairtí ina leith sin;

4. ag tabhairt dá haire, maidir le gníomhaíochtaí leantacha ar bharúlacha a thug an t-údarás um urscaoileadh in urscaoileadh 2019, go ndearna Oifig BEREC post le haghaidh oifigeach slándála áitiúil a chruthú in 2021 laistigh de na teorainneacha atá leis na poist atá ann cheana le haghaidh gníomhairí sealadacha, agus gur fhostaigh sí comhordaitheoir eatramhach rialaithe inmheánaigh go ceann 6 mhí; ag aithint nach réitigh inbhuanaithe ar shaincheisteanna Oifig BEREC maidir le soláthar foirne atá sna réitigh sin;

Beartas foirne

5. ag tabhairt dá haire go raibh 87,50 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme an 31 Nollaig 2020, agus go raibh 14 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 16 ghníomhaire shealadacha a údaraíodh faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 16 phost a údaraíodh in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur oibrigh 22 bhall foirne ar conradh agus 9 saineolaí náisiúnta ar iasacht d'Oifig BEREC in 2020;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 174.

6. á athdhearbhú gur cúis imní di an easpa cothromaíochta inscne in ardbhainistíocht agus meánbhainistíocht Oifig BEREC, inar fir iad triúr as gach ceathrar (75 %), agus ar bhord bainistíochta Oifig BEREC, inar fir iad 23 as 29 gcomhalta (79,31 %); ag tabhairt dá haire gur fearr an dáileadh inscne i measc fhoireann fhoriomlán Oifig BEREC, inar fir iad 24 as 42 bhall foirne (57,14 %); á iarraidh an athuair ar Oifig BEREC bearta a dhéanamh chun cothromaíocht inscne a bhaint amach a luaithe is féidir; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu do bhord bainistíochta Oifig BEREC;

7. á chur in iúl gur ábhar imní di méid mór bhord bainistíochta Oifig BEREC, a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus a ghineann costais shuntasacha riaracháin;

8. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na gníomhaíochtaí leantacha a rinne Oifig BEREC ar bharúlacha an údaráis um urscaoileadh in urscaoileadh 2019, go bhfuil Oifig BEREC ag brath fós ar acmhainní seachtracha, agus ar chuideachta amháin go háirithe, le haghaidh cineálacha éagsúla seirbhísí (amhail tacaíocht chléireachais agus rúnaíochta, eagrú imeachtaí agus folláine agus comhtháthú foirne), rud a chruthaíonn riosca don leanúnachas gnó;

9. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na gníomhaíochtaí leantacha a rinne Oifig BEREC ar bharúlacha an údaráis um urscaoileadh in urscaoileadh 2019, go bhfuil Oifig BEREC ag streachailt a mhéid a bhaineann le gairmithe a mhealladh agus a choinneáil; ag aithint go bhfuil Oifig BEREC ag obair go leanúnach i dtreo na coinníollacha fostaíochta a fheabhsú dá foireann agus go gcuireann sí bearta maolaithe eile i bhfeidhm, agus á iarraidh ar Oifig BEREC tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta ina leith sin;

10. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí a rinneadh sa bheartas foirne chun teilea-obair agus saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint d'Oifig BEREC a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt gairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

11. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar thuarascáil na Cúirte, gur shínigh Oifig BEREC creatchonradh le cuideachta amháin le haghaidh soláthar seirbhísí tacaíochta rúnaíochta, nach raibh i gcomhréir le rialacha sóisialta agus fostaíochta an Aontais agus a d'fhág Oifig BEREC gan chosaint ar rioscaí dlíthiúla agus rioscaí dá clú; ag tabhairt dá haire, maidir le hobair shealadach, go bhfuil cás ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go staonfaidh an Chúirt ó aon bharúlacha a thabhairt maidir le rialtacht chur chuige Oifig BEREC maidir leis an ábhar sin go dtí go mbeidh rialú deiridh eisithe ag an gCúirt Bhreithiúnais sa chás sin;

12. ag tabhairt dá haire, bhunaithe ar thuarascáil na Cúirte, gur chríochnaigh Oifig BEREC nós imeachta soláthair agus gur shínigh sí conradh roimh mheastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí go léir a fuair sí; ag tabhairt dá haire gur chaill Oifig BEREC tairiscint arna tíolacadh di ag duine a dhearbhaigh coinbhleacht leasa fhéideartha, agus nach ndearna sí meastóireacht ar an tairiscint sin; ag tabhairt dá haire nár míníodh sa tuarascáil mheastóireachta don nós imeachta sin conas a chinn Oifig BEREC cé acu a bhí nó nach raibh na tairiscintí a fuair sí i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur mheas an Chúirt an conradh a bheith mírialta; ag tabhairt dá haire, bunaithe ar an bhfreagra a thug Oifig BEREC ar na barúlacha maidir le hurscaoileadh 2019 gur tharla an nós imeachta soláthair i dtrácht tráth a bhíodh leas á bhaint ag Oifig BEREC as samhail an tsoláthair dhíláraithe, ach gur bunaíodh nós imeachta um sholáthar láraithe ón 1 Iúil 2019; á iarraidh ar Oifig BEREC tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis na forbairtí maidir leis an ábhar sin;

Seachaint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa agus an trédhearcacht

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha ar bun ag Oifig BEREC chun trédhearcacht a áirithiú agus chun seachaint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú; ag aithint go bhfoilsítear CVanna fhormhór chomhaltaí an bhoird ar a suíomh gréasáin agus go bhfuil Oifig BEREC ag déanamh dul chun cinn ar chleachtais um bailiú CVanna; ag tabhairt dá haire go gcuireann Oifig BEREC meabhrúcháin chuig comhaltaí aonair agus rannpháirtithe nár thíolaic fós a ndoiciméid agus go gcuireann sí iarratais ar dhoiciméid chuig gach comhalta nuacheaptha, chun CVanna agus dearbhuithe leasa gach comhalta boird a bhailiú; ag tabhairt dá haire go gcuireann Oifig BEREC i gcuimhne freisin dá comhaltaí, le linn na gcruinnithe iomlánacha, go bhfuil oibleagáidí orthu CVanna agus dearbhuithe a fhoilsiú;

Rialú inmheánach

14. ag tabhairt dá haire go ndearna an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) sa Choimisiún measúnú riosca iomlán in Oifig BEREC chun a plean iniúchóireachta inmheánaí don tréimhse reatha 2021-2023 a shuí; ag tabhairt dá haire nár shainaithin IAS rioscaí criticiúla; ag tabhairt dá haire freisin gurb amhlaidh, ag deireadh 2020, a dhún IAS a mholtaí go léir le haghaidh iniúchtaí Oifig BEREC i mblianta roimhe sin;

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

15. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, mar gheall ar phaindéim COVID-19, a rinne Oifig BEREC an chuid is mó de na himeachtaí fisiciúla a bhí beartaithe a chur ar ceal agus gur eagraigh sí iad go rathúil trí bhíthin físchomhdhála ina ionad sin; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, dá thoradh sin, nár ghá d'Oifig BEREC costais taistil a hionadaithe a chlúdach, agus go raibh de thoradh air sin gur laghdaíodh a cuid costas agus go raibh an fheidhmíocht chomhshaoil níos fearr;

16. ag tabhairt dá haire gur ghlac Oifig BEREC céimeanna, mar gheall ar COVID-19, chun riar ar an riachtanas méadaithe le haghaidh comhoibriú fíorúil mar gheall ar fhorbairt agus soláthar ardáin nua fís-sruthaithe agus taifeadta a chur i gcrích, lena ngabhann cumais chognaíocha (aistriúcháin agus fotheidil le haghaidh imeachtaí beo agus imeachtaí digiteacha taifeadta), croí-bhogearraí bonneagair (freastalaithe) agus uasghrádú saoráidí agus seirbhísí físchomhdhála sna saoráidí atá ar fáil d'Oifig BEREC sa Bhruiséil;

Tuairimí eile

17. á chur i bhfios go bhfuil Oifig BEREC ag forbairt suíomh gréasáin nua chun rochtain ag daoine faoi mhíchumas a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag dréim leis go rithfidh an tionscadal idir 2021 agus 2023; ag tabhairt dá haire freisin go n-áireofar leis na sonraíochtaí teicniúla na riachtanais inrochtaineachta agus go mbeidh na grúpaí ábhartha rannpháirteach sa tionscadal, chun leibhéal ard inrochtaineachta a áirithiú; á iarraidh ar Oifig BEREC tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis na forbairtí ina leith sin;

18. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé digiteáil Oifig BEREC a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de ach freisin chun dlús a chur le digiteáil nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá d'Oifig BEREC leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir na gníomhaireachtaí a sheachaint ar ais nó ar éigean; ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca do shlándáil ar líne na faisnéise a phróiseáiltear a sheachaint; á iarraidh ar Oifig BEREC dlús a chur le forbairt a bheartais cibearshlándála agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir lena thabhairt chun críche;

19. á iarraidh ar Oifig BEREC díriú ar thorthaí a taighde a scaipeadh ar an bpobal; ag tabhairt dá haire go léirítear gníomhaíochtaí uile Oifig BEREC ina doiciméid clársceidealaithe aonair; ag tabhairt dá haire go bhfuil soláthar chumarsáid agus thrédhearcacht Oifig BEREC san áireamh sa chomhaontú ceanncheathrún nua ina ndéantar foráil maidir le pleanáil gníomhaíochtaí nithiúla agus comhoibriú níos dlúithe idir Oifig BEREC agus an Ballstát óstach (an Laitvia) sna blianta atá le teacht;

20. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.